# PRÓTACAL LEASAITHEACH

# LEASUITHE AR AN gCOINBHINSIÚN AG BUNÚ AN AIRMHEÁIN EORPAIGH UM RÉAMHAISNÉISÍ AIMSIRE MEÁNTRÉIMHSEACHA

Molann Comhairle an Airmheáin Eorpaigh um Réamhaisnéisí Aimsire Meántréimhseacha (AERAM, an tAirmheán), de réir Airteagal 18(1) de Choinbhinsiún AERAM, do na Ballstáit na leasuithe seo a leanas ar an gCoinbhinsiún ag bunú an Airmheáin Eorpaigh um Réamhaisnéisí Aimsire Meántréimhseacha a ghlacadh:

Sna leaganacha Ollainnise, Fraincise, Gearmáinise agus Iodáilise, cuirtear lua na n-uimhreacha/litreacha i lúibíní amháin in ionad na dtagairtí do mhíreanna/fhomhíreanna sa Choinbhinsiún go léir.

Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal 'Conventie' in ionad 'Overeenkomst', tríd an doiciméad.

Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail 'Lidstaat' agus 'Lidstaten' in ionad 'Lid-Staat' agus 'Lid-Staten' tríd an doiciméad.

Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal 'Artikel' in ionad 'artikel' tríd an doiciméad.

Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal 'lid' in ionad 'paragraaf' agus 'alinea' tríd an doiciméad agus an focal 'leden' in ionad 'paragrafen' agus 'alinea's' .

Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal 'boekjaar' in ionad 'begrotingsjaar' tríd an doiciméad.

Cuirtear an abairt "na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún seo" leis an téacs roimh na ***Considerata***.

Cuirtear an téacs seo a leanas isteach in ionad na ***Considerata***:

"AG AITHINT DÓIBH gur ag éirí níos tábhachtaí atá contúirtí do bheatha agus sláinte, agus do gheilleagar agus maoin, ar contúirtí iad a bhaineann leis an aimsir;

ÓS DEIMHIN LEO go gcuireann an feabhas ar réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha le cosaint agus sábháilteacht an daonra;

ÓS DEIMHIN LEO INA THEANNTA SIN gur spreagadh luachmhar d'fhorbairt na meitéareolaíochta san Eoraip an taighde eolaíochta agus teicniúil a dhéantar chun na críche sin;

DE BHRÍ gur gá, chun an chríoch sin agus na cuspóirí sin a bhaint amach, acmhainní a bheith ar fáil ar scála is mó ná mar a bhíonn indéanta de ghnáth go náisiúnta;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH an tábhacht do gheilleagar na hEorpa a bhaineann le feabhas suntasach ar réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH gurb é bunú Airmheáin Eorpaigh uathrialaigh, ag a bhfuil stádas idirnáisiúnta, an modh cuí chun an chríoch sin agus na cuspóirí sin a bhaint amach;

ÓS DEIMHIN LEO gur féidir leis an Airmheán cion luachmhar a dhéanamh ar mhaithe le forbairt ar an mbonn eolaíoch atá leis an bhfaireachán comhshaoil;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH gur féidir le hairmheán den sórt sin cúnamh a thabhairt in oiliúint iar-ollscoile eolaithe;

AG GEALLÚINT DÓIBH go ndéanfar, ina theannta sin, cion riachtanach le gníomhaíochtaí airmheáin den sórt sin i ndáil le cláir áirithe de chuid na hEagraíochta Meitéareolaíche Domhanda (EMD) agus i ndáil le gníomhaireachtaí iomchuí eile;

DE BHRÍ a thábhachtaí a fhéadfaidh bunú airmheáin den sórt sin a bheith maidir le forbairt thionsclaíocht na hEorpa i réimse na próiseála sonraí,

Á THUISCINT DÓIBH an toil atá ann ballraíocht an Airmheáin a leathnú do líon is mó Stát;".

Baintear amach an mhír "TAR ÉIS A CHINNEADH …. [maille leis an liosta lánchumhachtach] …. a thabhairt ar aird dá chéile,"

Sa leagan Ollainnise, cuirtear 'komen het volgende overeen:' in ionad na habairte ''Overeenkomst hebben Bereikt Omtrent de Volgende Bepalingen:'.

**Airteagal 1**

Cuirtear teideal le hAirteagal 1: "Bunú, Comhairle, Ballstáit, Ceanncheathrú, Teangacha".

Airteagal 1(2): Cuirtear na focail "an tArd-Stiúrthóir" in ionad "an Stiúrthóir". Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail "Comitato Scientifico Consultivo" in ionad "Comitato consultivo scientifico" agus cuirtear na focail "Comitato Finanze" in ionad "Comitato finanziario". Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focial "een Wetenschappelijke Adviescommissie" in ionad "een Wetenschappelijk Raadgevend Comité" agus na focail "Financiële Commissie" in ionad "Financieel Comité".

Cuirtear abairtín breise "… ach amháin go gcinneann an Chomhairle a mhalairt de réir Airteagal 6(1)(g)." in Airteagal 1(5).

Leasaítear Airteagal 1(6) chun go léifear é mar a leanas:

"6. Is iad teangacha oifigiúla na mBallstát teangacha oifigiúla an Airmheáin.

Is iad na teangacha oibre aige Béarla, Fraincis agus Gearmáinis.

Is í an Chomhairle a chinnfidh a mhéid a úsáidfear na teangacha oifigiúla agus na teangacha oibre faoi seach de réir Airteagal 6(2)(l)."

**Airteagal 2**

Cuirtear teideal le hAirteagal 2: "Na críocha, na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí".

Cuirtear Airteagal 2(1) nua isteach:

"1. Is iad príomhchríocha an Airmheáin forbairt a dhéanamh ar chumas chun réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha a dhéanamh agus chun réamhaisnéisí aimsire meántréimhseacha a sholáthar do na Ballstáit".

Tá an abairt "Is iad cuspóirí an Airmheáin" mar thús le hAirteagal 2(2).

Cuirtear 2(2)(a) in ionad Airteagal 2(1)(a):

"a) samhlacha domhanda agus córais chomhshamhlaithe sonraí a fhorbairt, agus a oibriú ar bhonn rialta, i ndáil le dinimic, teirmidinimic agus comhdhéanamh chumhdach leachta na Cruinne agus codanna idirghníomhacha den Chruinnechóras, d'fhonn:

   i) réamhaisnéisí a ullmhú ar mhodhanna uimhriúla;

   ii) dálaí tosaigh a sholáthar le haghaidh na réamhaisnéisí; agus

   iii) cion a dhéanamh maidir le faireachán ar na codanna iomchuí den Chruinnechóras;"

Scriostar Airteagal 2(1)(b).

Déantar Airteagal 2(1)(c) a athuimhriú mar 2(2)(b).

Cuirtear 2(2)(c) in ionad Airteagal 2(1)(d):

“c) sonraí cuí a bhailiú agus a stóráil;”.

Cuirtear 2(2)(d) in ionad Airteagal 2(1)(e):

“d) na torthaí dá bhforáiltear in (a) agus (b) agus na sonraí dá dtagraítear in (c) a chur ar fáil do na Ballstáit, san fhoirm is cuí;”.

Cuirtear 2(2)(e) in ionad Airteagal 2(1)(f):

“e) riar dóthanach dá acmhainn ríomhaireachta, ar riar é a chinnfidh an Chomhairle, a chur ar fáil do na Ballstáit le haghaidh a gcuid taighde, agus tosaíocht á tabhairt do réimse na réamhaisnéisí aimsire uimhriúla;”.

Déantar Airteagal 2(1)(g) a athuimhriú mar 2(2)(f). Sa leagan Béarla, cuirtear an focal “Organization” in ionad an fhocail “Organisation”. Sa leagan Ollainnise, cuirtear an abairt “Wereld Metereorologische Organisatie” in ionad “Meteorologische Wereldorganisatie”.

Cuirtear Airteagal 2(2)(g) in ionad Article 2(1)(h):

“g) cúnamh a thabhairt maidir le hardoiliúint d’fhoireann eolaíochta na mBallstát i réimse na réamhaisnéisí aimsire uimhriúla.”

Cuirtear Airteagal 2(3) in ionad Airteagal 2(2):

“3. Déanfaidh an tAirmheán na suiteálacha a bhunú agus a oibriú is gá chun na críocha a mhínítear i mír 1 agus na cuspóirí a mhínítear i mír 2 a bhaint amach.”

Déantar Airteagal 2(3) a athuimhriú mar 2(4).

Cuirtear Airteagal 2(5) nua isteach:

“5. Féadfaidh an tAirmheán gníomhaíochtaí a sheoladh, arna n-iarraidh ag tríú páirtithe, atá de réir chríocha agus chuspóirí an Airmheáin agus atá arna gceadú ag an gComhairle de réir Airteagal 6(2)(g). Is é an tríú páirtí atá i gceist a íocfaidh costais na ngníomhaíochtaí sin.”

Cuirtear Airteagal 2(6) nua isteach:

“6. Féadfaidh an tAirmheán Cláir Roghnacha a sheoladh de réir Airteagal 11(3).”

**<u>Airteagal 3</u>**

Cuirtear teideal ar Airteagal 3: “Comhar le heintitis eile”.

Airteagal 3(1): Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal ‘doelstellingen’ in ionad ‘doeleinden’.

Airteagal 3(2): Leasaítear an réamhabairt chun go léifear mar seo é: "Féadfaidh an tAirmheán comhaontuithe comhair a chur i gcrích chuige sin".

Airteagal 3(2)(a): Leasaítear an tagairt d'Airteagal 6(1)(e) go dtí "Airteagal 6(1)(e) nó 6(3)(j)".

Airteagal 3(2)(b): Leasaítear an tagairt d'Airteagal 6(3)(k) go dtí Airteagal 6(3)(j). Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal "instanties" in ionad "organisaties"'.

Cuirtear Airteagal 3(2)(c) nua leis an téacs:

"c) le gníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla Stát nach Ballstáit faoi na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 6(1)(e)."

**Airteagal 4**

Cuirtear teideal ar Airteagal 4: "An Chomhairle".

Airteagal 4(2): Sa leagan Béarla, cuirtear an focal "Organization" in ionad "Organisation". Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail "nationale meteorologische dienst" in ionad "nationale weerkundige dienst" agus na focail "Wereld Meteorologische Organisatie" in ionad "Meteorologische Wereldorganisatie".

Airteagal 4(5): Cuirtear an focal "Ard-Stiúrthóir" in ionad "Stiúrthóir".

Airteagal 4(6): Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail "adviescommissies" in ionad "comités van raadgevende aard".

**Airteagal 5**

Cuirtear teideal ar Airteagal 5: "Vótáil sa Chomhairle".

Airteagal 5(2): Cuirtear Airteagal 6(3)(1) in ionad na tagartha d'Airteagal 6(3)(m).

**Airteagal 6**

Cuirtear an teideal "Tromlaigh vótála" ar Airteagal 6.

Airteagal 6(1)(b): Cuirtear na focail "aontachas Stát" in ionad "baill nua a ligean isteach" agus cuirtear na focail "le haghaidh na n-aontachas sin" in ionad "chun na baill sin a ligean isteach".

Leasaítear Airteagal 6(1)(e) chun go léifear mar seo é:

"e) an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe comhair a chaibidil le Stáit nach Ballstáit agus lena ngníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla; féadfaidh sí an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích;".

Cuirtear Airteagal 6(1)(g) nua isteach:

"g) breith a thabhairt i dtaobh aon aistriú ar cheanncheathrú AERAM, de réir Airteagal 1(5)."

Airteagal 6(2)(b): Cuirtear na focail “a fhorcheadú” in ionad “a cheadú”. Cuirtear an focal “Ard-Stiúrthóir” in ionad “Stiúrthóir”.

Cuirtear Airteagal 6(2)(c) nua isteach:

“c) faoi réir mhír 1(a), clár gníomhaíochtaí an Airmheáin a ghlacadh, de réir Airteagal 11(1)”.

Déantar na fo-airteagail eile atá fágtha a athuimhriú.

Airteagal 6(2)(d) athuimhrithe: Cuirtear an focal “Ard-Stiúrthóir” in ionad an “Stiúrthóir”.

Cuirtear Airteagail 6(2)(e), (f), (g) agus (h) nua isteach:

“e) an Nós Imeachta um Chláir Roghnacha a ghlacadh de réir Airteagal 11(3);

f) Cláir Roghnacha aonair a ghlacadh de réir Airteagal 11(3);

g) gníomhaíochtaí a cheadú arna n-iarraidh ag tríú páirtithe de réir Airteagal 2(5);

h) breith a thabhairt ar an mbeartas dáileacháin le haghaidh tháirgí an Airmheáin agus torthaí eile ar a chuid oibre.”,

agus déantar na fo-airteagail atá fágtha a athuimhriú.

Cuirtear Airteagal 6(2)(l) nua isteach:

“l) cinneadh, de réir Airteagal 1(6), i dtaobh a mhéid a úsáidfear na teangacha oifigiúla agus na teangacha oibre faoi seach, de réir Airteagal 1(6).”;

Airteagal 6(3)(d): Cuirtear an focal “Ard-Stiúrthóir” in ionad “Stiúrthóir”.

Airteagal 6(3)(e): Sa leagan Ollainnise, cuirtear an téarma “accountants” in ionad ‘financiële commissarisen’.

Airteagal 6(3)(f): Cuirtear an focal “Ard-Stiúrthóra” in ionad “Stiúrthóra”.

Airteagal 6(3)(g): Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail “Comitato Scientifico Consultivo” in ionad “Comitato consultivo scientifico”. Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail “de Wetenschappelijke Adviescommissie” in ionad “het Wetenschappelijk Raadgevend Comité”.

Scriostar Airteagal bunaidh 6(3)(i) agus déantar na fo-airteagail atá fágtha a athuimhriú.

Airteagal 6(3)(i) athuimhrithe: Cuirtear an focal “Ard-Stiúrthóir” in ionad “Stiúrthóir”. Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal “accountantsrapport” in ionad “verslag van de financiële commissarissen”.

Léifear Airteagal 6(3)(j) athuimhrithe mar a leanas:

“j) an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe comhair a chaibidil le Ballstáit, lena ngníomhaireachtaí náisiúnta eolaíochta agus teicniúla, agus le heagraíochtaí rialtasacha nó neamhrialtasacha idirnáisiúnta eolaíochta agus teicniúla a mbaineann a gcuid gníomhaíochtaí le cuspóirí an Airmheáin; féadfaidh sí an tArd-Stiúrthóir a údarú chun comhaontuithe den sórt sin a chur i gcrích;”.

Airteagal 6(3)(k) athuimhrithe: Leasaítear 15(1) agus (2) chun go léifear iad mar 15(2) and (3).

Cuirtear Airteagal 6(3)(o) nua isteach:

“o) Straitéis Fhadtréimhseach an Airmheáin a ghlacadh de réir Airteagal 11(2).”

**<u>Airteagal 7</u>**

Cuirtear teideal ar Airteagal 7: “An Coiste Comhairleach Eolaíochta”.

Airteagal 7(1): Cuirtear na focail “an tArd-Stiúrthóir” in ionad “an Stiúrthóir”. Sa leagan Béarla, cuirtear an focal “Organization” in ionad “Organisation”. Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail “Comitato Scientifico Consultivo” in ionad “Comitato consultivo scientifico”. Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail “de Wetenschappelijke Adviescommissie” in ionad “het Wetenschappelijk Raadgevend Comité”, cuirtear “de Commissie” in ionad “het Comité”, agus cuirtear “Wereld Meteorologische Organisatie” in ionad “Meteorologische Wereldorganisatie”.

Airteagal 7(2): Cuirtear na focail “ag an Ard-Stiúrthóir” in ionad “ag an Stiúrthóir” agus na focail “an tArd-Stiúrthóir” in ionad “an Stiúrthóir”.

**<u>Airteagal 8</u>**

Cuirtear teideal ar Airteagal 8: “An Coiste Airgeadais”.

Airteagal 8(1): Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail “Comitato Finanze” in ionad “Comitato finanziario”. Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail “de Financiële Commissie” in ionad “het Financiële Comité” agus “de Commissie” in ionad “het Comité”.

Leasaítear Airteagal 8(1)(b) chun go léifear é mar a leanas:

“b) ionadaithe de chuid Ballstát eile, arna gceapadh acu go ceann tréimhse aon bliain amháin; maidir le gach ceann de na Stáit sin, ní ceadmhach ionadaíocht a bheith acu ar an gCoiste níos mó ná dhá uair as a chéile. Beidh líon na n-ionadaithe sin mar aon-chúigiú de líon na mBallstát eile.”

**<u>Airteagal 9</u>**

Cuirtear teideal ar Airteagal 9: “An tArd-Stiúrthóir”.

Airteagal 9(1): Cuirtear na focail “an tArd-Stiúrthóir” in ionad “an Stiúrthóir” agus na focail “mar Ard-Stiúrthóir” in ionad “mar Stiúrthóir”.

Airteagal 9(2): Cuirtear na focail “an tArd-Stiúrthóir” in ionad “an Stiúrthóir”.

Cuirtear na focail bhreise seo a leanas isteach in Airteagal 9(2)(c) "… agus Straitéis Fhadtréimhseach …". Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail "Comitato Scientifico Consultivo" in ionad "Comitato consultivo scientifico". Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail "de Wetenschappelijke Adviescommissie" in ionad "het Wetenschappelijk Raadgevend Comité".

Airteagal 9(2)(g): Leasaítear an tagairt d'Airteagal 6(3)(k) go dtí Airteagal 6(3)(j). Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal "doelstellingen" in ionad "doeleinden".

Airteagal 9(3): Cuirtear an focal "Ard-Stiúrthóir" in ionad "Stiúrthóir".

**Airteagal 10**

Cuirtear teideal ar Airteagal 10: "An Fhoireann".

Airteagal 10(3): Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal 'instanties' in ionad 'organisaties'.

Airteagal 10(4): Sa leagan Béarla, cuirtear an focal "Controller" in ionad "Comptroller". Sa leagan Ollainnise, cuirtear an focal "Controller" in ionad "financiële controleur".

Airteagal 10(6): Cuirtear "Ard-Stiúrthóra" in ionad "Stiúrthóra".

Airteagal 10(7): Cuirtear na focail "fhreagrachtaí an Ard-Stiúrthóra" in ionad "fhreagrachtaí an Stiúrthóra" agus "an tArd-Stiúrthóir" in ionad "an Stiúrthóir".

**Airteagal 11**

Cuirtear teideal ar Airteagal 11: "An Clár Gníomhaíochtaí, an Straitéis Fhadtréimhseach agus na Cláir Roghnacha".

Déantar na míreanna atá ann a ghrúpáil le chéile mar Airteagal 11(1).

Airteagal 11(1): Cuirtear "Ard-Stiúrthóir" in ionad "Stiúrthóir". Leasaítear an tagairt d'Airteagal 6(3)(i) go dtí Airteagal 6(2)(c) in dhá áit.

Cuirtear Airteagail 11(2) agus (3) nua isteach:

"2. Déanfar Straitéis Fhadtréimhseacha don Airmheán a ullmhú tráthanna agus le haghaidh tréimhsí a chinnfidh an Chomhairle. Déanfaidh an Chomhairle ullmhú na Straitéise a bhreithniú gach cúig bliana ar a laghad. Beidh léargas ar chuspóirí straitéiseacha an Airmheáin sa Straitéis Fhadtréimhseach agus léireofar inti an treo a fheictear le haghaidh fhorbairt obair an Airmheáin i rith ré na Straitéise.

Glacfaidh an Chomhairle an Straitéis, ag gníomhú di ar thogra ón Ard-Stiúrthóir de réir Airteagal 6(3)(o).

3. Séard is Clár Roghnach ann ná Clár, arna mholadh ag Ballstát nó ag grúpa Ballstát, ina nglacann na Ballstáit go léir páirt ach amháin iad sin a dhearbhaíonn gur Stáit neamh-rannpháirteacha iad agus lena ndéantar cion i gcomhair chríocha agus chuspóirí an Airmheáin de réir Airteagail 2(1) agus 2(2).

a) Glacfaidh an Chomhairle an nós imeachta um Chláir Roghnacha de réir Airteagal 6(2)(e).

b) Glacfaidh an Chomhairle Cláir Roghnacha Aonair de réir Airteagal 6(2)(f).”

**Airteagal 12**

Cuirtear teideal ar Airteagal 12: “An Buiséad”.

Airteagal 12(3): Leasaítear an focal “cheadú” chun go léifear é mar “fhorcheadú”.

Airteagal 12(4)(b): Cuirtear “Ard-Stiúrthóir” in ionad “Stiúrthóir”.

Airteagal 12(5): Cuirtear “an tArd-Stiúrthóir” in ionad “an Stiúrthóir”.

**Airteagal 13:**

Cuirtear teideal ar Airteagal 13: “Ranníocaí na mBallstát”.

Airteagal 13(1): Cuirtear na focail “oll-ioncam náisiúnta” in ionad “olltáirge náisiúnta”.

Airteagal 13(2): Cuirtear na focail “oll-ioncam náisiúnta” in ionad “olltáirge náisiúnta”.

**Airteagal 14**

Cuirtear teideal ar Airteagal 14: “An tIniúchadh”.

Sa leagan Ollainnise, cuirtear ‘accountants’ in ionad na bhfocal ‘financiële commissarissen’ i gceithre áit.

Airteagal 14(2): Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail “Comitato Finanze” in ionad “Comitato finanziario”. Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail “de Financiële Commissie” in ionad “het Financieel Comité”.

Airteagal 14(3): Cuirtear “an tArd-Stiúrthóir” in ionad “an Stiúrthóir”.

**Airteagal 15**

Cuirtear teideal ar Airteagal 15: “Cearta maoine agus ceadúnais”.

Cuirtear Airteagal 15(1) nua isteach:

“1. Beidh úinéireacht eisiach ar fud an domhain ag AERAM ar a chuid táirgí go léir agus ar thorthaí eile a chuid gníomhaíochtaí.”,

agus déantar na trí airteagal atá fágtha a athuimhriú.

Airteagal 15(3) athuimhrithe: Leasaítear an tagairt do mhír 1 go dtí mír 2.

Airteagal 15(4) athuimhrithe: Leasaítear an tagairt do mhír 1 go dtí mír 2 agus an tagairt d’Airteagal 6(3)(l) go dtí Airteagal 6(3)(k).

**Airteagal 16**

Cuirtear teideal ar Airteagal 16: “Pribhléidí agus díolúintí, agus dliteanais”.

**Airteagal 17**

Cuirtear teideal ar Airteagal 17: “Díospóidí”.

**Airteagal 18**

Cuirtear teideal ar Airteagal 18: “Leasuithe ar an gCoinbhinsiún”.

Airteagal 18(1): Cuirtear na focail “chuig an Ard-Stiúrthóir” in ionad “chuig an Stiúrthóir” agus “Cuirfidh an tArd-Stiúrthóir” in ionad “Cuirfidh an Stiúrthóir” agus leasaítear an tagairt d’Airteagal 6(3)(n) go dtí Airteagal 6(3)(m).

Airteagal 18(2): Leasaítear na focail “na gComhphobal Eorpach” go dtí “an Aontais Eorpaigh”.

**Airteagal 19**

Cuirtear teideal ar Airteagal 19: “An Coinbhinsiún a shéanadh”.

Airteagal 19(1): Leasaítear na focail “na gComhphobal Eorpach” go dtí “an Aontais Eorpaigh”.

Airteagal 19(2): Cuirtear na focail “sula dtagann an séanadh sin in éifeacht” in ionad “roimh an séanadh sin” agus na focail “sula dtagann an séanadh in éifeacht” in ionad “roimh an séanadh”.

Airteagal 19(3): Leasaítear an tagairt d’Airteagal 6(2)(d) go dtí Airteagal 6(2)(i).

**Airteagal 20**

Cuirtear teideal ar Airteagal 20: “Neamhchomhlíonadh oibleagáidí”.

**Airteagal 21**

Cuirtear teideal ar Airteagal 21: “An tAirmheán a dhíscaoileadh”.

Airteagal 21(1): Leasaítear an tagairt d’Airteagal 6(2)(e) go dtí Airteagal 6(2)(j).

Airteagal 21(3): Leasaítear an tagairt d’Airteagal 6(2)(e) go dtí Airteagal 6(2)(j).

**Airteagal 22**

Cuirtear teideal ar Airteagal 22: “Teacht i bhfeidhm”.

**Airteagal 23**

Cuirtear teideal ar Airteagal 23: "Aontachas Stát".

Uimhrítear na míreanna.

Leasaítear Airteagail 23(1) agus (2) chun go léifear iad mar a leanas:

"1. Tar éis teacht i bhfeidhm don Choinbhinsiún seo, féadfaidh aon Stát nach Sínitheoir aontú don Choinbhinsiún seo, faoi réir thoiliú na Comhairle, ag gníomhú di de réir Airteagal 6(1)(b). Aon Stát ar mian leis aontú don Choinbhinsiún seo, tabharfaidh sé fógra don Ard-Stiúrthóir dá réir agus cuirfidh an tArd-Stiúrthóir in iúl do na Ballstáit go bhfuil an iarraidh déanta trí mhí ar a laghad sula gcuirtear faoi bhráid na Comhairle í le haghaidh breithe. Cinnfidh an Chomhairle na téarmaí agus na coinníollacha le haghaidh aontachas an Stáit atá i gceist, i gcomhréir le hAirteagal 6(1)(b).

2. Déanfar ionstraimí aontachais a thaisceadh i gcartlann Ard-Rúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Le haghaidh gach Stáit aontaigh, tiocfaidh an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis a ionstraim aontachais a thaisceadh."

**Airteagal 24**

Cuirtear teideal ar Airteagal 24: "Fógra i dtaobh síniúchán agus nithe gaolmhara".

Leasaítear "na gComhphobal Eorpach" go dtí "an Aontais Eorpaigh".

Leasaítear Airteagal 24(e) chun go léifear é mar a leanas:

"e) glacadh agus teacht i bhfeidhm aon leasaithe;".

Leasaítear an mhír dheiridh d'Airteagal 24 chun go léifear é mar a leanas:

"A luaithe a thagann an Coinbhinsiún seo i bhfeidhm agus a thagann aon leasuithe air i bhfeidhm, déanfaidh Ard-Stiúrthóir Chomhairle an Aontais Eorpaigh iad a chlárú le hArd-Rúnaíocht na Náisiún Aontaithe, de réir Airteagal 102 de Chairt na Náisiún Aontaithe."

**Airteagal 25**

Cuirtear teideal ar Airteagal 25: "An chéad Bhliain Airgeadais".

Airteagal 25(3): Sa leagan Iodáilise, cuirtear na focail "Comitato Scientifico Consultivo" in ionad "Comitato consultivo scientifico". Sa leagan Ollainnise, cuirtear na focail "Wetenschappelijke Adviescommissie" in ionad "Wetenschappelijke Raadgevend Comité".

**Airteagal 26**

Cuirtear teideal ar Airteagal 26: "An Coinbhinsiún a thaisceadh".

Leasaítear Airteagal 26 chun go léifear é mar a leanas:

"Déanfar an Coinbhinsiún seo, agus gach leasú air, arna tharraingt suas i scríbhinn bhunaidh amháin in Ollainnis, i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis, i nDanmhairgis, i

bhFionlainnis, i nGaeilge, i nGréigis, in Ioruais, i bPortaingéilis, i Spáinnis, i Sualainnis agus i dTurcais, agus comhúdarás ag gach téacs díobh, a thaisceadh i gcartlann Ard-Rúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus cuirfidh an Ard-Rúnaíocht cóip dheimhnithe chuig Rialtas gach Stáit shínithigh nó aontaigh."

## PRÓTACAL
## MAIDIR LE PRIBHLÉIDÍ AGUS DÍOLÚINTÍ AN AIRMHEÁIN EORPAIGH UM RÉAMHAISNÉISÍ AIMSIRE MEÁNTRÉIMHSEACHA

Leasaítear an Prótacal tríd an leagan cuí gramadaí den fhocal "Ard-Stiúrthóir" a chur in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal "Stiúrthóir" tríd an bPrótacal.